Úsáid TFC
Gnéithe Inmhianaithe

Teicneolaíocht an Cheoil

Leibhéal 1

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Rochtain a bheith acu ar thaibhithe réamhthaifeadta atá ann cheana féin agus/nó taibhithe roghnaithe agus bheith páirteach i bplé faoi threoir an mhúinteora maidir leo. Bunghnéithe de na bogearraí theicneolaíocht cheoil agus nó de ghairis dhigiteacha amhail cnaipí seinn agus taifead srl. a fhiosrú. (Fiosrú)
- Rian a thaifeadadh nó taibhiú a thaifeadadh le cuidiú an mhúinteora. (Cur in iúl)
- Fios a bheith acu gur féidir modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh. (Malartú)
- Labhairt faoin taifeadadh acu, faoi threoir an mhúinteora. (Luacháil)
- An rian ceoil acu a athsheinm, le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 2

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Fuaimeanna réamhthaifeadta a roghnú le cuimsiú ina rian ceoil. Sraith treoracha a leanúint agus na bogearraí a úsáid le comhad fuaime nó sampla atá ann cheana féin a athrú. *B'fhéidir go mbeadh maisíocht cosúil le lúb a chur isteach i gceist leis seo.* (Fiosrú)
- Struchtúr bunúsach ceoil a chruthú le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go mbeadh buille druma agus nó dordlíne a roghnú agus a athdhéanamh i gceist leis seo.* (Cur in iúl)
- An dóigh le modhanna éagsúla digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh a shainaithint agus labhairt fúthu. (Malartú)
- Labhairt ar an dóigh lena rian ceoil a fheabhsú, le leideanna ón mhúinteoir. (Luacháil)
- A rian ceoil a shábháil agus/nó a é a chur i láthair don rang nó don ghrúpa le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 3

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar mhaisíochtaí fuaime nó samplaí atá saor ó chóipcheart agus iad a roghnú ó fhoinsí digiteacha tugtha le húsáid ina gcuid oibre. Sraith treoracha a leanúint agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu agus bogearraí teicneolaíocht cheoil in úsáid le rian ceoil a dhéanamh. *B'fhéidir go mbeadh fuaimrianta taca a chruthú d'amhránaithe agus/nó d'ionstraimeoirí i gceist leis seo.* (Fiosrú)
- Rian ceoil a chruthú agus/nó bogearraí eagarthóireachta digiteach a úsáid le comhaid cheoil nó comhaid fhuaime atá ann cheana féin a chur in oiriúint. *B'fhéidir go mbeadh gléas taifeadta digiteach a úsáid le fuaim a thaifeadadh i gceist leis seo, chomh maith le gníomhaíochtaí tipiciúla den teicneolaíocht cheoil a dhéanamh ar nós tarraingt agus scaoileadh, agus/nó amhrán a scoilt le codanna a léiriú, mar shampla, rann, curfá agus seoladh isteach.* (Cur in iúl)

- Modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, nó le cur le gníomhaíocht ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go mbeadh ríomhphost a chur nó postáil a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar shnáithe díospóireachta i gceist leis seo. B'fhéidir go gcuirfí an ríomhphost nó an phostáil chuig múinteoir.* (Malartú)
- Roinnt mionathruithe a dhéanamh lena rian ceoil a fheabhsú. *B'fhéidir go mbeadh roinnt tosta agus/nó díchumadh fuaime a bhaint as, fuaim a mhéadú nó samplaí a bhaint i gceist leis seo.* (Luacháil)
- A rian ceoil a shábháil le comhadainm. (Taispeáint)

Leibhéal 4

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar amhráin agus/nó rianta ceoil difriúla, amhail rianta clúiteacha rac-cheoil agus damhsa agus iad a roghnú, agus imscrúdú a dhéanamh ar a struchtúir le húsáid ina gcuid oibre. Imscrúdú a dhéanamh ar an fhadhb i mionteagasc an taisc agus í a réiteach. *B'fhéidir go mbeadh rian lúb-bhunaithe a phleanáil atá fóirsteanach don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc i gceist leis seo.* (Fiosrú)
- Rian ceoil dá gcuid féin a chruthú a léiríonn feasacht ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. É a bheachtú agus a sheinm i ríomhchlár cuí. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo uirlisí bogearraí a úsáid le leibhéal airde fuaime agus/nó ionchuir a rialú.* (Cur in iúl)
- Ceann amháin nó níos mó de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, le malartú agus le comhoibriú a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ríomhphost a chur le ceangaltán nó roinnt postálacha ábhartha a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar fhóram plé.* (Malartú)
- Uirlisí agus gnéithe cuí TFC a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go mbeadh eagarthóireachtaí malartacha a thriail roimh chinneadh a dhéanamh ar an chur chuige is fearr i gceist leis seo.* (Luacháil)
- An rian ceoil críochnaithe acu a shábháil i bhfillteán ainmnithe nó i ríomhphunann ranga. (Taispeáint)

Leibhéal 5

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar rian ceoil cuí agus ceann a roghnú agus é a sheinm nó é a ríomhchlárú i gcodanna MIDI-bhunaithe dá gcuid féin. Imscrúdú a dhéanamh ar an fhadhb i mionteagasc an taisc agus í a réiteach. *B'fhéidir go mbeadh rian a phleanáil a bheadh fóirsteanach don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc i gceist leis seo.* (Fiosrú)
- Rian ceoil measctha a chruthú a léiríonn tuiscint shoiléir ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo eagarthóireacht a dhéanamh ar mhaisíochtaí digiteacha taobh istigh de stáisiún oibre digiteach fuaime, rian fuaime bunaithe ar cheol gutha nó ar cheol uirlise a thaifeadadh agus/nó rianta MIDI-bhunaithe a thaifeadadh, agus/nó rialuithe uathoibrithe airde nó peanála a úsáid i mbogearraí fuaime.* (Cur in iúl)

- Modhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid lena gcuid faisnéise agus a dtáirgí a chur in iúl, a mhalartú agus a roinnt agus comhoibriú ar líne a dhéanamh leis na piaraí acu. *B'fhéidir go mbeadh obair ar líne le píosa ceoil a chruthú go comhoibríoch i gceist leis seo, nó plé, díospóireacht agus/nó idirbheartaíocht a dhéanamh ar líne maidir leis na samplaí agus/nó na maisíochtaí le cur isteach ina bpíosaí féin a d'fhágfadh go mbeadh dúil ag an spriocghrúpa iontu.* (Malartú)
- An timthriall de 'phleanáil, déanamh agus athbhreithniú' a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go mbeadh a rian a dhearadh, a dhréachtú agus a bheachtú ionas go mbeadh sé ábhartha don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc i gceist leis seo. B'fhéidir go n-iarrfadh siad ar a bpiaraí an píosa ceoil acu a thástáil agus aiseolas a thabhairt le moltaí ar fheabhsuithe a ghiniúint.* (Luacháil)
- A rian ceoil agus comhaid/agus nó ábhair ar bith atá bainteach leis a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 6

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar shamplaí níos ábhartha ceoil a rinneadh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus iad a roghnú agus smaointe a chur in oiriúint lena n-úsáid ina rian féin. Imscrúdú a dhéanamh ar réimse gnéithe ranganna teagaisc, díospóireachtaí agus sócmhainní saor ó chóipcheart amhail samplaí, agus an spriocghrúpa agus an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc a chur san áireamh. (Fiosrú)
- Riachtanais an úsáideora deiridh agus an spriocghrúpa a shainaithint agus rian ceoil measctha a phleanáil agus a chumadh a bhfuil réimse de ghnéithe níos sofaisticiúla ann. *B'fhéidir go mbeadh gné de thaibhiú digiteach a úsáid i gceist leis seo, mar shampla ionramháil fíor-ama de chodanna MIDI, nó eagarthóireacht a dhéanamh ar 'sint' agus maisíochtaí réamhshocraithe le tionchar agus cur i láthair a mhéadú do spriocghrúpa agus do chuspóir ar leith.* (Cur in iúl)
- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh ar a saothar agus é a mhalartú agus a roinnt, ag comhoibriú lena bpiaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh. *B'fhéidir go mbeadh comhoibriú le piaraí ar an tsaothar nó ar an taifeadadh i gceist leis seo, mar shampla é a roinnt i bhfóram díospóireachta agus ligean do rannpháirtithe gnéithe comhoibríocha de na bogearraí a úsáid le trách tanna agus cosaintí cáilíochta a chur leis.* (Malartú)
- Cosaint a dhéanamh ar na bogearraí feidhme a roghnaigh siad leis an tasc a chomhlánú, na malairtí ar smaoinigh siad orthu agus an próiseas a rinne siad agus an rian ceoil á tháirgeadh. Cosaint a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann a gcomhad fuaime riachtanais an spriocghrúpa agus an chuspóra ar leith. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an próiseas forbartha a shainaithint agus cur síos a dhéanamh air, agus na heochairphointí a shainaithint mar a ndearna siad breithiúnais fiúntais a chuir leis an mheascadh deiridh den tsaothar nó den taifeadadh.* (Luacháil)
- A gcuid oibre a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 7

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar fhuaimeanna féideartha as réimse d'fhoinsí digiteacha, a aimsíodh agus a cruthaíodh, agus iad a roghnú agus a luacháil, agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu maidir le hábharthacht, iontaofacht agus beachtas agus cosaint a dhéanamh ar a bhfoinsí agus tagairt a dhéanamh dóibh. An pacáiste bogearraí agus na gnéithe is cuí le húsáid a roghnú agus a chosaint le freastal ar riachtanais an úsáideora deiridh atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo éagsúlacht de mhaisíochtaí, breiseáin agus uirlisí digiteacha a shainaithint agus a úsáid, agus triail a bhaint as meascáin dhifriúla.* (Fiosrú)
- Riachtanais úsáideora atá sainmhínithe go soiléir a leagan amach agus saothar nó taifeadadh a phleanáil, a fhorbairt agus a thástáil ina bhfuil réimse de ghnéithe sofaisticiúla agus il-rianta, agus an meascadh eatarthu a rialú agus meascánú deiridh a tháirgeadh. *B'fhéidir go mbeadh próiseáil dhinimiciúil a úsáid agus eagarthóireacht a dhéanamh uirthi le tionchar na máistirthéipe deiridh a mhéadú.* (Cur in iúl)
- Tairbhe a bhaint as modhanna comhaimseartha cumarsáide lena smaointe forbartha agus a bhfaisnéis a mhalartú, a roinnt agus comhoibriú a dhéanamh orthu le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh, ag cur le timpeallacht dhomhanda chomhoibríoch. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an taifeadadh nó an saothar a uaslódáil chuig blag le haiseolas a bhailiú ó phiaraí, ó shaineolaithe agus ó úsáideoirí deiridh, agus gníomhú dá réir ar dhóigh thuisceanach le cáilíocht ard agus le hoiriúnacht an táirge a fheabhsú d'úsáideoir deiridh atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc.* (Malartú)
- Riachtanais an úsáideora deiridh agus cuspóir an taisc a shainaithint ag an tús, le tuiscint atá ag méadú, agus athbhreithniú a dhéanamh go córasach ar an rian deiridh i gcoinne na riachtanas ag deireadh an phróisis, agus a shainaithint go soiléir cé acu a comhlíonadh agus cé acu nár comhlíonadh. *B'fhéidir go mbeadh aiseolas a chruinniú ó úsáideoirí deiridh agus beachtú breise a dhéanamh nó moltaí a leagan amach le feabhas a chur air i gceist leis seo.* (Luacháil)
- Stór digiteach d'obair atá struchtúraithe go loighciúil a bhainistiú agus a chur i láthair, le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim trasna an churaclaim, agus formáid, iniomparthacht, méid, cóipcheart agus leaganú a chur san áireamh. *B'fhéidir go mbeadh comhaid a chúltacú chuig áit mhalartach, leaganacha iolracha a bhainistiú agus formáidí agus taifigh chuí a roghnú i gceist leis seo.* (Taispeáint)

Ba chóir go léireodh daltaí, san am agus san áit is cuí, eolas agus tuiscint ar ríomhshábháilteacht, ar a n-áirítear iompraíocht atá inghlactha ar líne.